

Féile Scoildrámaíochta na Gaillimhe 2011

*Fil Uí Dhubhghaill
(Rúnaí, Féile Scoildrámaíochta na Gaillimhe)*

Idir an 14-18 Feabhra 2011 chruinnigh 40 scoil (idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna) as Co. na Gaillimhe le chéile in Amharclann Chois Fharraige, Seanscoil Sailearna, chun drámaí as Gaeilge a chur ar stáitse. Bhí meascán iontach drámaí le feiceáil idir dhrámaí nuascríofa, sheandrámaí agus cheoldrámaí. Lean an Fhéile ar aghaidh ar feadh na seachtaine agus ba iad Norette Ní Laoithe agus Seán Ó Murchú a rinne an mholtóireacht. Bhíodar antógtha leis an gcaighdeán fíorard a bhí ar an stáitse. Bhain na gasúir ar fad antaitneamh as na drámaí agus bhí an Halla lán go doras chuile lá. D'éirigh chomh maith leis an bhFéile gur reáchtáladh Féile Chonnacht ann coicís ina dhiaidh sin agus d'éirigh thar cionn leis sin freisin.



Daltaí as Coláiste Cholmcille, an Cnoc, ag glacadh páirt i bhFéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe.



Daltaí as Scoil Cholmcille, An Tulaigh, ag glacadh páirt i bhFéile Scoil-drámaíochta na Gaillimhe.



Daltaí as Scoil Sailearna, an Cnoc, ag glacadh páirt i bhFéile Scoil-drámaíochta na Gaillimhe.